



Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

Polasaí Um Plaisteach Aonúsáide



Aidhm an Pholasaí Um Plaisteach Aonúsáide

Tá forbairt déanta ar an bPolasaí seo chun freagairt do Pholasaí an Rialtais chun plaisteach aonúsáide a laghdú/a dhíothú ó Ranna Rialtais, do Straitéis Um Oiriúnú don Aeráid de chuid Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus Treoir an Aontais Eorpaigh ar Phlaisteach Aonúsáide. Tá ról lárnach le himirt ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge i gceannaireacht eiseamláireach a chur chun cinn do phobal Phort Láirge tríd a léiriú dóibh go bhfuil laghdú/díothú plaisteach aonúsáide indéanta.

Tá an plean seo i bhfeidhm láithreach bonn; dá bharr sin níl ambhonn fráma luaite i gcomhair na ngníomhaíochtaí.

Polasaí Um Plaisteach i bhFoirgnimh uile de chuid Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge.

Cuirfear deireadh le plaisteach aonúsáide de réir a chéile i ngach aon fhoirgneamh ina n-oibríonn Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge go gearrthréimhseach agus go meántréimhseach.

Soláthar: le linn tréimhse an tsoláthair iarrfaidh Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge go mbeidh gach aon táirge á sholáthar gan plaisteach aonúsáide. Seachnófar cumhdach plaisteach leis.

Cupáin Uisce Aonúsáide: Ní cóir do bhaill foirne aon chupán indiúscartha a úsáid. Aistreofar cupáin indiúscartha ag stáisiúin uisce ó chupáin phlaisteacha go cupáin inmhúirínithe agus beidh siadsan ar fáil d'úsáid chuirteoirí agus dóibhsean amháin. Cuirfear araid bhruscair inmhúirínithe ag gach aon stáisiún uisce chun na cupáin seo a dhiúscairt.

Buidéil Phlaisteacha Aonúsáide:

Cuirfidh Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge críoch le ceannach na n-earraí sin agus a luaithe agus an stoc deiridh úsáidte, ní dhíolfar agus ní sholáthrófar buidéil phlaisteacha aonúsáide in aon fhoirgneamh, agus soláthar trí mheaisín díola san áireamh ansin.

Saicíní Aonúsáide: Cuirfidh Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge deireadh le ceannach saicíní aon riar, a leithéid de shaicíní siúcra, anlann, suibhe &rl. Bainfear úsáid as an stoc atá fágtha ar láimh go gcríochnófar é ach ní cheannófar a thuilleadh saicíní aonúsáide. Soláthrófar soithí níos mó ina n-áit agus athchúrsálfar iad de réir mar is cuí.

Soip/Sceanra/Plátaí Aonúsáide: Cuirfidh Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge críoch le ceannach na n-earraí seo agus a luaithe agus a úsáidfear an stoc atá ar láimh, ní sholáthrófar ach cupáin, plátaí agus sceanra inathúsáidte.

Soithí Plaisteacha: Nífeair agus triomófar na soithí plaisteacha ar fad agus cuirfear i soitheach cuí athchúrsála iad.

Cupáin Tae/Caife:

Cuirfidh Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge críoch le ceannach na n-earraí seo agus a luaithe agus a úsáidfear an stoc atá ar láimh, ní dhíolfar agus ní sholáthrófar cupáin aonúsáide in aon fhoirgneamh. Ba chóir úsáid a bhaint as cupáin inathúsáidte nó cupáin cheirmeacha a bheidh ar fáil i gceaintíní.

Polasaí Um Úsáid Phlaistigh i gcomhair ionad a thógtar ar cíós

Agus ionad i gcomhair traenála á roghnú i gcomhair traenála, cruinnithe, ócáidí nó cruinnithe poiblí ní mór don ionad gach sólaiste a sholáthar i mbuidéil/i gcrúiscíní/i miasa/ar phlátaí inathúsáidte. Comh maith leis sin ba chóir siúcra, subh, uisce & rl a sholáthar gan cumhdach plaisteach aonúsáide a úsáid. Muna mbíonn an t-ionad inniúil ar na riachtanais úd a sholáthar, beidh ionad eile le socrú ina áit.

Polasaí Um Úsáid Phlaistigh I gcomhair Lónadóireachta

Ní mór d'aon ghnó a thabharfar conradh dó cloí leis an bPolasaí Um Plaisteach Aonúsáide. Is gá do Ranna Conraitheoireachta a chinntiú go bhfuil sé sin san áireamh agus soláthar á shocrú do na seirbhísí úd. Ní mór d'aon lónadóir plátaí, cupáin, gloiní nó sceanra inathúsáidte a sholáthar. Ní cheadófar sceanra plaisteach, plátaí indiúscartha, buidéil nó saicíní aonriar.

Polasaí Um Úsáid Phlaistigh i gcomhair gach aon ócáide a eagraíonn nó a áisíonn Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge

Ní mór do Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge plean um bainistiú dramhaíola i gcomhair gach aon ócáide nó féile a eagraíonn an Chomhairle nó a dtacaíonn sí leo, chun ár bpáirceanna, carrchlóis nó tailte eile a sholáthraítear/a úsáidtear i gcomhair aon imeachta. Cuirfear cosc ar sholáthar nó ar dhíolachán aon earra plaisteach aonúsáide ag na himeachtaí sin; cuireann sé sin buidéal, sceanra, soithí, saicíní aonúsáidte, plátaí, soip & rí san áireamh. Ba chóir do lucht eagraithe aon imeachta a chinntiú go bhfuil an líon agus an cineál cuí araidí á soláthar i gcomhair athchúrsála agus má tá bia á sholáthar ba chóir araid do dhramhbhia i gcomhair múirínithe a sholáthar agus é a bheith bailithe go leithleach i gcomhair múirínithe.

Polasaí maidir le himeachtaí ceadúnaithe nó maoinithe ag Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge

Ba chóir do Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge deimhin a dhéanamh de go mbíonn plean cuí um bainistiú dramhaíola i bhfeidhm roimh d'aon imeacht a bheith ceadúnaithe. Ba chóir go leagfar amach na bearta chun plaisteach aonúsáidte a dhíothú comh maith leis na bearta chun aon dramhaíl a leithscaradh le linn agus tar éis an imeachta agus mar atá sé i gceist dramhaíl a dhiúscairt ina dhiaidh sin. Sonrófar i ngach aon pholasaí, comhaontas agus iarratas ar chistiú go gcaithfear úsáid phlaistigh aonúsáide a chosc ag imeachtaí agus go mbeidh comhlíontacht leis an bpolasaí sin mar chritéar i gcomhair cistithe.

Díolúintí ón bPolasaí

- Tá díolúine i bhfeidhm maidir leis an uisce a sholáthraítear i soithí plaisteacha aonúsáide i gcomhair eachtraí a mbíonn ár gcuid seirbhísí éigeandála ag freastal orthu
- Plaisteach aonúsáide a bhfuil gá leo i gcomhair úsáid leighis.